Mairg a-tá an uair-se gan Aodh
[RIA 5 (23/D/4), 112]
An fear ceadna [.i. Feaghal Óg] cecinit
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Mairg a-tá an uair-si gan Aodh
do ládh an uaisle fa úir
o nách bés dréachta do dhíol
sníomh ar ngréas ní déanta dhuinn.
2 Feidm an tan-sa ar thríath ó nÍr [113]
falamh gach clíar o do-chuaidh
iúl na Fódla ní feas dáibh
fogra ar gach ndáimh teas is tuai[dh].
3 Da n-(d)imghiodh duine re dán
fa chiniodh do chuire ríogh
do bhiadh croch reimhe ar gach raon
och gan Aodh Doire dhar ndíon.
4 Tearc aonsgol re dán do dheilbh
le a bhás do m[a]oladh ar moirn
an tráth fá ttéarnó tuir Cairn
do mhuigh maidm a n-aonló oirn.
5 Truagh a suidhe síar mar súd
ar uillibh triath nocha ttíad
tre aonduine mun-uar dh'ég
tréd shluagh gan aodhuire iad.
6 Tré Aodh Mag Aonghusa a n-úir
bláth na daonachta do dhíon
teasda an sgol uile mun-uar
nach truagh cor gach nduine dhionn [leg. dhíon].
7 Neamhágh ar mo dhán 'na dhiaigh
mo leandán an lá do-chuaidh
do sgaradh me rém linn lúidh
mé fa úir 's gan inn a n-uaidh.
8 Dol a ccaidriobh rúin mo ríogh [114]
ní duinn nach aithreach mun-uar
reacht líom mo chonnmháil rem chrádh
dob fearr gan grádh d'fhagháil uadh.
9 Uch nach obadh fuarus uaidh
dursan mar fuarus tre aoibh
sgoth a bleidhiodh 'sa bhrat sróill
slat nár thóir ar neimheadh naoimh.
10 Uchán och a bhfaghail uadh
sgoth a roghráidh is a rún
dob fearr mo chor uadh um fhíon
guala mo riogh do dhol dúnn.
11 Mairg dhuinn ar ar dailiodh iad
mairg dar dailiodh dlus a phóg
tus a thoirbheirt togha a séd
is rogha a stéd n-oirdheirc n-óg.
12 Ar mo bhreith do bheidís uaidh

dá mbeidís ar a bhreith féin
Mag Aongusa mortha gráid
comhtha cláir caomhRosa is Céin.

13 Tug do dhraoithibh díol n<u>ar</u> dhligh
ní bhíodh gan aoidheadh an [leg. ’na] fhail
ua Conaill rér théig[h] mo thoil
béim ag sgoil ní fhaghaim <u>air</u>. Mairg...